# An Cur Chuige Cumarsáideach

## Faisnéis Tacaíochta

### Cúlra

Is scoil lán-Ghaeilge measctha í an scoil seo ina gcuirtear tumoideachas i bhfeidhm ón gcéad lá i Naíonáin Bheaga. Mar a chéile le gach uile rang, tá réimse leathan cumas agus riachtanas sa rang seo. Anuas air sin, tá réimse leathan spéise, réamheolais agus fiosrachta ag na páistí. Dar leis an múinteoir ranga san fhíseán seo, tugann na Torthaí Foghlama rogha agus solúbthacht den scoth di chun eispéiris foghlama na bpáistí uile a fhorbairt. Agus eispéiris foghlama á gcruthú ag an múinteoir chun foghlaim na bpáistí a chothú, smaoiníonn sí ar na Torthaí Foghlama ar a bhfuil siad ag díriú orthu agus ar réamheolas na bpáistí, rud a bhíonn éagsúil ó pháiste go páiste.



### An Cur Chuige Cumarsáideach

Díríonn an sampla foghlamtha seo ar **theanga ó bhéal** na bpáistí, cé go bhfuil na snáitheanna eile (léitheoireacht agus scríbhneoireacht) comhtháite sa cheacht chomh maith. San fhíseán seo, tá an múinteoir ag díriú ar mheascán de na trí ghné – Cumarsáid, Tuiscint agus Fiosrú agus Úsáid na Teanga. Tá na gnéithe seo ar fad fite fuaite ina chéile sa cheacht. Tá na heispéiris foghlama bunaithe ar an téama 'Ócáidí Speisialta' le fócas ar leith ar 'Chois Farraige'. San fhíseán seo, baineann an múinteoir úsáid as an gCur Chuige Cumarsáideach agus cluiche bac chun teanga ó bhéal na bpáistí a fhorbairt agus a threisiú. An aidhm atá ann ná **cumarsáid** shoiléir agus **éisteacht** ghníomhach a chur chun cinn i measc na bpáistí.

### An Tréimhse Réamhchumarsáide:

**Cothú spéise:** Ag tús an cheachta, cothaítear spéis na bpáistí i leith na topaice. Baintear úsáid as cluiche/dán/amhrán atá ar eolas ag na páistí cheana féin. Ní mhúintear aon rud nua ag an gcéim seo den cheacht. Sa cheacht seo, baintear úsáid as an dán *Eilifint ar an Trá* chun suim na bpáistí a mhúscailt sa cheacht.

**Dul siar:** Ina dhiaidh sin, agus de réir Thoradh Foghlama 5 – Stór foclóra, déantar dul siar ar chúpla focal/eiseamláir theanga atá ar eolas agus sealbhaithe ag na páistí cheana féin, bainteach leis an téama 'Cois Farraige'. Bíonn deis ag na páistí an teanga atá ar eolas acu a phlé i mbeirteanna i dtosach ar mhaithe le teanga an téama atá sealbhaithe acu cheana féin a spreagadh nó a nochtadh. Ina dhiaidh sin, roinneann siad a gcuid smaointe leis an rang agus bíonn plé ranga ann. Cuireann an cleachtas seo scafall saibhir ar fáil d'fhoghlaim na bpáistí uile sa rang.

**Teanga Nua:** Ansin, tógtar ar réamheolas na bpáistí. Ag an gcéim seo den cheacht, tosaíonn an múinteoir ag múineadh stór focal agus eiseamláirí teanga nua do na páistí. D'fhonn an chéim seo a bhaint amach go rathúil, baintear úsáid as **athrá agus aithris** agus **Scaoileadh Céimseach na Freagrachta** (Gradual Release of Responsibility) leis an tacaíocht chuí a chur ar fáil do na páistí chun an teanga a shealbhú go cruinn. Ag teacht le Toradh Foghlama 5, cuireann sé seo sampla de na páistí ag foghlaim **réimse leathan d'fhocail** agus ag **sealbhú frásaí** éagsúla in iúl.



# An Cur Chuige Cumarsáideach

## Faisnéis Tacaíochta

**Cleachtadh Teanga:** Nuair atá an teanga nua múinte, bíonn géarghá le deis a thabhairt do na páistí an teanga nua a chleachtadh sula mbogtar ar aghaidh chuig an tréimhse chumarsáide. Tugann sé seo deis iontach do na páistí an teanga nua a úsáid i gcomhthéacs cumarsáideach agus, anuas air sin, tugann sé deis mhaith don mhúinteoir teanga na bpáistí a mheas. Ag an gcéim seo den cheacht, tugtar pictiúr do gach beirt agus bíonn orthu cur síos a dhéanamh ar shonraí an phictiúir ag baint úsáide as an teanga nua atá foghlamtha acu sa cheacht. Múnlaíonn an múinteoir an cleachtas seo don rang i dtosach báire ag baint úsáide as an gclár bán idirghníomhach. Baineann an múinteoir úsáid as teanga amhail: *Tá an ghrian ag barr an leathanaigh. Tá páistí ag seoltóireacht ar an bhfarraige i lár an leathanaigh. Sa chúinne ar chlé, ag bun an leathanaigh tá beirt ag sú na gréine.* Cuirtear béim ar úsáid an tuisil ghinidigh (ag barr an leathanaigh/ag sú na gréine, mar shampla) agus na páistí ag déanamh cur síos ar na sonraí éagsúla sa phictiúr. Le linn an taisc, cuirtear scafall ar fáil do pháistí leis an teanga nua a úsáid. Fágtar **fáinne eochracha** i lár gach boird leis an **teanga nua** ar fad orthu agus fágtar na focail agus na **heiseamláirí ar phóstaeir** ar an gclár bán chomh maith. Le linn na céime seo, agus obair bheirte dúnta ar bun sa rang, bíonn an múinteoir ag súil timpeall an tseomra ag cuidiú le páistí a bhfuil cabhair ag teastáil uathu agus ag cur dúshláin ar fáil do na páistí níos inniúla.

Nuair a bhíonn an rang réidh le bogadh ar aghaidh, tosaíonn an múinteoir ag bogadh i dtreo na tréimhse cumarsáide. Ag an gcéim seo, tá sé mar aidhm ag an múinteoir Toradh Foghlama 6 – *Léiriú Tuisceana* agus Toradh Foghlama 7– *Iarratais, Ceisteanna agus Idirghnoímhuithe* a chur chun cinn i bhfoghlaim na bpáistí. Leis an Toradh Foghlama seo a chur chun cinn, múnlaíonn an múinteoir an cluiche bac don rang. Bíonn leathanach bán ag gach páiste agus ceann ag an múinteoir leis. Seachas duine A agus duine B, bronnann an múinteoir ainmneacha éagsúla ar na grúpaí éagsúla. Sa cheacht seo glaoitear oráistí agus úlla ar an dá ghrúpa. Bíonn an múinteoir mar pháiste A (oráiste) agus bíonn an rang ar fad mar pháiste B (úlla). Bíonn bileog an mhúinteora faoi cheilt. Tarraingíonn an múinteoir pictiúr bainteach leis an téama 'cois farraige'. Bíonn ar an múinteoir treoracha a thabhairt do na páistí maidir lena pictiúr. Mar shampla: *Tá an ghrian ag barr an leathanaigh ach ar chlé*. Ag teacht go cruinn le Toradh Foghlama 6, bíonn ar na húlla, nó na páistí, freagairt go cruthaitheach agus go criticiúil den mhéid atá cloiste acu agus treoracha an mhúinteora a leanúint le pictiúr an mhúinteora a tharraingt. De bharr go ndíríonn an t-eispéireas foghlama seo ar Thoradh Foghlama 7, *Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe*, tá sé ríthábhachtach go spreagtar na páistí réimse ceisteanna a chur idir oscailte, dúnta, reitriciúil agus treoircheisteanna ar mhaithe le soiléiriú a lorg ar na treoracha a dtugtar dóibh chun teanga na bpáistí a threisiú agus a fhorbairt.

Ina dhiaidh sin, iarrtar ar pháiste amháin teacht os comhair an ranga agus déantar **múnlú** ar an gcluiche arís mar **obair bheirte** oscailte leis an múinteoir. Nuair atá an múinteoir muiníneach go dtuigeann na paistí an tasc atá ar bun sa rang, tosaíonn na páistí **ag obair i mbeirteanna dúnta**.



# An Cur Chuige Cumarsáideach

## Faisnéis Tacaíochta

### An Tréimhse Chumarsáide

Sa tréimhse chumarsáide seo, bíonn deis ag na páistí an teanga nua atá foghlamtha acu sa cheacht, a úsáid agus a chleachtadh ar bhealach cumarsáideach agus go neamhspleách i mbeirteanna dúnta.

Sa sampla seo, bíonn na horáistí ag tabhairt treoracha do na húlla. Bíonn ar na horáistí teanga chruinn shoiléir a úsáid agus bíonn ar na húlla scileanna éisteachta a úsáid. Bíonn orthu stór focal, struchtúr abairte agus gramadach nua a úsáid de réir mar atá curtha in iúl i dToradh Foghlama 4 agus 5 sa churaclam. Spreagtar na húlla soiléiriú a lorg agus ceisteanna a chur ar na horáistí le cinntiú go bhfuil a bpictiúir comhchosúil le pictiúir na n-oráistí. Bíonn ar na horáistí na ceisteanna a fhreagairt go soiléir ansin ag baint úsáide as an stór focal atá foghlamtha acu. Arís, beidh scafall amhail pictiúir, póstaeir agus fáinne eochracha ar fáil do na páistí leis an tacaíocht chuí a thabhairt dóibh chun an teanga nua a úsáid go cumarsáideach sa chéim seo den cheacht. Chomh maith leis sin, ní mór don mhúinteoir tacaíocht bhreise a chur ar fáil do pháistí faoi leith sa rang chun cruinn úsáid na teanga nua a dheimhniú ag an gcéim seo den cheacht.

Ansin, tar éis cúpla nóiméad, feictear sa sampla seo go gcasann na páistí timpeall agus go gcuireann siad a bpictiúir i gcomparáid lena chéile. Bíonn deis ag na páistí dul i mbun cainte agus a bpictiúir a phlé.

Ansin, bíonn deis ag na húlla treoracha a thabhairt agus bíonn deis ag na horáistí treoracha a leanúint agus soiléiriú a lorg. Déantar an tasc céanna arís ar feadh trí nóiméad agus déantar na pictiúir a phlé ag an deireadh i mbeirteanna.

### An Tréimhse Iarchumarsáide

Ag an gcéim seo den cheacht, daingníonn na páistí an teanga nua atá foghlamtha acu le linn an cheachta tríd a gcuid oibre a chur in iúl i mbeirteanna agus os comhair an ranga. Maidir le forbairt foghlama, dírítear aird na bpaistí ar fhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha. Cuireann an cleachtas seo leis an gcoincheap gramadaí (inscne an ainmfhocail) atá á fhorbairt ag na páistí sa rang an choicís sin.

### Ullmhúchán don Teagasc agus Foghlama

| Toradh Foghlama Teanga ó Bhéal | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Tá an Toradh Foghlama seo á chur chun cinn ó thús an cheachta. Príomhaidhm an mhúinteora ná éisteacht ghníomhach a chur chun cinn i measc na bpáistí ionas go mbainfidh siad brí agus sult as comhráite agus go mbeidh siad in ann iad féin a aithint mar éisteoirí agus mar chainteoirí, ar mhaithe le cumarsáid fhiúntach agus chomhbhách a dhéanamh le daoine eile sa rang. |
| TF4: Struchtúr abairte agus gramadaí | Struchtúr abairte agus gramadaí a chur chun cinn i measc na bpáistí, beidh siad ag foghlaim agus ag baint úsáid chuí as an ngramadach agus foirmeacha éagsúla den teanga agus ag léiriú difríochtaí idir struchtúr abairte agus struchtúr gramadaí. |
| TF5: Stór Focal | Stór focal a chur chun cinn i measc na bpáistí, beidh siad ag foghlaim réimse leathan d'fhocail agus ag sealbhú eiseamláirí teanga éagsúla. Beidh deis ag na páistí dul siar ar an teanga atá ar eolas acu ag tús an cheachta agus ansin tógfar ar réamheolas na bpáistí agus múinfear stór focal agus eiseamláirí teanga nua do na páistí. |
| TF6: Léiriú Tuisceana<br>TF7: Iarratais, Ceisteanna agus Idirghníomhuithe | Spreagfar na páistí réimse ceisteanna a chur idir oscailte, dhúnta, reitriciúil, agus treoircheisteanna chomh maith le soiléiriú a lorg ar na treoracha a dtugtar dóibh ar mhaithe le cumarsáid agus teanga na bpáistí a threisiú agus a fhorbairt. |

# An Cur Chuige Cumarsáideach

## Faisnéis Tacaíochta

### Ceisteanna Machnamhacha

- Sa sampla seo úsáideann an múinteoir cluiche bac le linn na céime cumarsáide chun na páistí a spreagadh chun a stór focal nua a úsáid. Ag smaoineamh ar do rang féin an bhféadfá tabhairt faoi chluichí bac ar bhealaí éagsúla ag brath ar chumais agus ar riachtanais na bpáistí sa rang? An bhfuil aon chluiche nó gníomhaíocht eile a d'fhéadfá a úsáid le linn an chuir chuige chumarsáidigh?
- Cad iad na gnéithe den chur chuige cumarsáideach a d'úsáid an múinteoir is mó a bhfuil spéis agat iontu? Cén fáth go raibh sé seo suimiúil duit? An bhfuil deiseanna ann an cur chuige seo a úsáid i do chleachtas féin?
- Léiríonn machnamh na bpáistí sa sampla seo an sult a bhain siad as an eispéireas foghlama seo agus cé chomh spreagtha is a bhí siad le dul i mbun foghlama. Tugann an múinteoir am do na páistí go rialta le linn an cheachta chun labhairt faoina gcuid foghlama. Cá mhéad ama a thugtar do pháistí labhairt faoina gcuid foghlama i do scoil?



**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**